Chontae Chiarraí

PLEAN UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

2016-2020

"Minicíocht agus géire imbhuailtí, an líon úsáideoirí bóthair a mharaítear agus a ghortaítear go dona ar bhóithre Chiarraí a laghdú le hOideachas, Innealtóireacht, Forfheidhmiú, Measúnú".

Tábla Ábhair

1.0	PRÍOMHFHEIDHMEANNACH	3
2.0	CATHAOIRLEACH CHIARRAÍ	3
3.0	STIÚRTHÓIR OIBRÍOCHTAÍ, BONNEAGAIR CAIPITIL & SÁBHÁILTEACHTA	5
4.0	ARD-CHEANNFORT, AN GARDA SÍOCHÁNA (RANNÁN CHIARRAÍ)	5
5.0	BAINISTEOIR ACMHAINNÍ OIBRÍOCHTAÍ CHIARRAÍ (FSS)	6
6.0	RÉAMHRÁ	7
6.1	RÁITEAS MISIN	8
6.2	CUSPÓIRÍ AN PHLEAN	8
6.3	ACHOIMRE FHEIDHMEACH	9
7.0	PÁIRTITHE LEASMHARA	10-11
8.0	PRÓIFÍL CHONTAE CHIARRAÍ	12
8.1	GRÉASÁN BÓITHRE CHIARRAÍ	12-13
9.0	SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE – A BHFUIL I GCEIST	13
9.1	COMHTHÉACS NÁISIÚNTA	13-14
9.2	COMHTHÉACS ÁITIÚIL	14-15
10.0	STAITISTICÍ	15-22
11.0	BÁSANNA AGUS GORTUITHE – NA FÍRICÍ/BEARTA	23-25
12.0	COSTAS DON TSOCHAÍ	26-27
13.0	PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA 2016-2020 (AGUISÍN 1)	27
13.1	OIDEACHAS	29-32
13.2	INNEALTÓIREACHT	33-37
13.3	FORFHEIDHMIÚ	38-39
13.4	MEASÚNÚ	40
13.5	ACRAINMNEACHA	41

1.0 PRÍOMHFHEIDHMEANNACH

Tá áthas orm Plean um Shábháilteacht ar Bhóithre 2016-2020 Chontae Chiarraí a chur i láthair, plean a chabhróidh linn creidim, cur chuige comhordaithe a fhorbairt chun déileáil le fadhbanna maidir le sábháilteacht ar ár mbóithre anseo i gCiarraí.

I gcaitheamh thréimhse Phlean 2008-2012 thit líon na ndaoine a fuair bás ar ghréasán bóithre Chontae Chiarraí go 11 duine, cailleadh 19 in 2008 agus 7 in 2012. Cé go bhfáiltímid roimh an titim le linn na tréimhse sin, is ábhar díomá dúinn go bhfuair 35 duine bás ar na bóithre ón mbliain 2013 go 2015. Is tragóid é má chailltear fiú is duine amháin ar ár ngréasán bóithre go háirithe do mhuintir an té sin agus fáiltímid mar sin roimh an tionscnamh comhordaithe seo de chuid na bpríomhghníomhaireachtaí agus iad ar a ndícheall ag iarraidh líon na ngortuithe tromchúiseacha agus na mbásanna ar ár mbóithre a laghdú.

Má tá rath le bheith ar chur i bhfeidhm an Phlean seo, beifear ag brath ní hamháin ar na príomheagraíochtaí ar cúram dóibh an tsábháilteacht ar bhóithre ach orthu sin uile a úsáideann na bóithre i gCiarraí freisin.

Tá Plean um Shábháilteacht ar Bhóithre Chontae Chiarraí dírithe ar 4 réimse – Oideachas, Innealtóireacht, Forfheidhmiú & Measúnú. Creidimse go láidir go bhfuil gá le cur chuige réamhghníomhach maidir le hoideachas a chur ar dhaoine maidir le cúrsaí sábháilteachta d'fhonn na prionsabail a bhaineann le bheith freagrach mar úsáideoir bóthair a chothú i measc na ndaoine agus go háirithe i measc daoine óga. Ina theannta sin, beidh gá le bearta innealtóireachta agus forfheidhmithe má tá rath le bheith ar an bplean.

Moira Murrell
Príomhfheidhmeannach

2.0 CATHAOIRLEACH CHIARRAÍ

I gcaitheamh na ndeich mbliana imithe tharainn (2006 go 2015), cailleadh 119 duine ar bhóithre Chiarraí. Is uafásach an mhaise freisin é an líon ollmhór eile a fágadh le gortuithe a d'athraigh an saol acu, agus saoil a dteaghlach agus a gcúram.

Le Plean um Shábháilteacht ar Bhóithre Chontae Chiarraí tá plean éifeachtach curtha le chéile don chontae ag na gníomhaireachtaí uile lena mbaineann (Comhairle Contae Chiarraí, An Garda Síochána, An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, Bonneagar Iompair Éireann, An Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt, An tÚdarás Náisiúnta Iompair agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte). Agus sinn ag obair as lámha a chéile, ár gcuid eolais, saineolais agus taithí á roinnt againn, tá sé i gceist againn timpeallacht shábháilte a fhorbairt do gach úsáideoir bóthair, caighdeáin na mbóithre a fheabhsú agus an reachtaíocht a chur i bhfeidhm, agus é mar phríomhchuspóir againn an sléacht ar ár mbóithre a laghdú laistigh de thréimhse an Phlean.

Thar ceann Chomhairle Contae Chiarraí molaim go mór an Plean seo agus tacaím go láidir leis na tionscnaimh atá leagtha amach ann d'fhonn beatha a shábháil agus gortuithe tromchúiseacha a chosc.

Michael O'Shea
Cathaoirleach Chiarraí

3.0 STIÚRTHÓIR OIBRÍOCHTAÍ, BONNEAGAIR CAIPITIL AGUS SÁBHÁILTEACHTA

Tá infheistíocht mhór déanta inár mbonneagar bóithre ó lár na 1990idí ar aghaidh chomh maith le hathruithe ar an reachtaíocht agus gníomhaíochtaí forfheidhmithe níos mó beartaithe chun an t-iompar ar na bóithre a athrú. Ní féidir a shéanadh go bhfuil ár mbóithre níos sábháilte anois ná mar a bhí má scrúdaítear iad i gcomhthéacs an fháis mhóir atá tagtha ar an daonra agus ar líon na bhfeithiclí ar ár mbóithre. Ní haon sólás é sin ámh do na teaghlaigh, pobail agus ionaid oibre a fágadh faoi scamall bróin iad tar éis do bhás nó do ghortú tromchúiseach a d'éirigh as imbhualadh ar bhóthar.

Leis na hathruithe móra ar an mbonneagar agus an bhforfheidhmiú tá na bóithre anois níos sábháilte ná mar a bhíodh. In ainneoin dhúthracht agus dhícheall na nÚdarás Áitiúil, An Gharda Síochána, an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre, Bhonneagar Iompair Éireann agus mórán eile nach iad, tá gá fós le meoin agus iompar daoine ar na bóithre a athrú, agus mura ndéantar amhlaidh ní chuirfear stop leis an himbhuailtí marfacha sin.

Cabhróidh an Plean um Shábháilteacht ar Bhóithre Chontae Chiarraí chun cur chuige comhcheangailte a fhorbairt agus a chomhordú i leith líon na mbásanna agus na ngortuithe tromchúiseacha ar ár mbóithre a laghdú. Tá an Plean bunaithe go príomha ar cheithre réimse den tsábháilteacht ar bhóithre - Oideachas, Innealtóireacht, Forfheidhmiú, Measúnú.

Táimid tiomanta don chomhoibriú atá de dhíth chun an leas is fearr a bhaint as ár n-acmhainní, d'fhonn feasacht ar a ndualgais a ardú i measc úsáideoirí bóthair, agus timpeallacht níos sábháilte a fhorbairt a bheidh chun leasa na saoránach.

Charlie O'Sullivan
Stiúrthóir Oibríochtaí, Bonneagair Caipitil & Sábháilteachta

4.0 ARD-CHEANNFORT, AN GARDA SÍOCHÁNA (RANNÁN CHIARRAÍ)

Tá An Garda Síochána mar fhórsa póilíneachta náisiúnta tiomanta do shábháilteacht úsáideoirí bóthair uile na tíre a fheabhsú. Mar Oifigeach Rannáin do Chontae Chiarraí tá sé de rún daingean agamsa a chinntiú go gcloíonn muintir Chiarraí agus an líon mór cuairteoirí go dtí ár gcontae le dea-chleachtais shábháilte tiomána. Beidh forfheidhmiú na reachtaíochta um thrácht ar bhóithre mar phríomhthaca dár straitéis. Glactar leis go gcabhróidh forfheidhmiú tráchta atá spriocdhírithe chun líon na mbásanna agus na ngortuithe tromchúiseacha ar ár mbóithre a laghdú agus chun a ndúshlán a thabhairt dóibhsean a bhíonn i mbun iompar dainséarach orthu. Bainfimid úsáid as forfheidhmiú spriocdhírithe bunaithe ar fhaisnéis agus ar anailís, chomh maith le cláir oideachais agus choisc chun líon na mbásanna agus na ngortuithe tromchúiseacha a laghdú.

Is tragóid é gach imbhualadh tráchta ar ár mbóithre agus is mór agus is fairsing an briseadh croí a éiríonn astu. Fágtar teaghlaigh, cairde agus go minic pobail scriosta agus croíbhriste ina ndiaidh. Tá an Garda Síochána tiomanta do líon na n-imbhuailtí tráchta marfacha agus tromchúiseacha a laghdú amach anseo. Tá sé i gceist againn oibriú i bpáirt le Comhairle Contae Chiarraí, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, Bonneagar Iompair Éireann agus a lán eile thar a bheith tábhachtach chun an aidhm sin a bhaint amach, agus chun a chinntiú go leanfar de bhéim a leagan ar imbhuailtí den saghas a laghdú.

T. Myers
Ard-Cheannfort

5.0 BAINISTEOIR ACMHAINNÍ OIBRÍOCHTAÍ CHIARRAÍ (FSS)

Tá Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, trí Oifig Náisiúnta na nOspidéal, freagrach as Cúram Éigeandála Réamhospidéil a chur ar fáil agus as othair agus cliaint a iompar idir ospidéil, tithe altranais agus institiúidí cúraim sláinte eile, trína Sheirbhís Náisiúnta Otharcharranna.

Tá lúcháir ar an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna baint a bheith againn leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus sinn ag cabhrú le daoine tuiscint, in ainneoin go dtarlaíonn timpistí, go mbíonn cúiseanna le himbhuailtí a d'fhéadfaí a chosc.

Ba mhaith leis an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna an teachtaireacht a scaipeadh, in éineacht leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, go bhfuil sé de dhualgas ar an uile dhuine againn a bheith cúramach agus stuama ar na bóithre. Ní mór a bheith iomlán aireach i gcónaí faoin uile ní a bhaineann le húsáid bóthair, maidir le luas; ná téigh chomh tapa, ó b'fhearr a bheith cúpla nóiméad déanach ná marbh.

Pat O'Callaghan
Bainisteoir Acmhainní Oibríochtaí Chiarraí (FSS)



6.0 RÉAMHRÁ

Dearadh an Plean Gníomhaíochta cúig bliana seo lena chinntiú go mbeidh cur chuige comhordaithe, comhoibritheach, comhtháite agus leanúnach ann chun an tsábháilteacht ar bhóithre d'úsáideoirí uile na mbóithre a fheabhsú agus cuirtear béim ann ar na ceithre phríomhréimse den tSabháilteacht ar Bhóithre - Oideachas, Innealtóireacht, Forfheidhmiú, Measúnú. Tá tacaíocht do na seirbhísí tábhachtacha seo riachtanach má tá rath le bheith ar an bPlean seo.

Bunaíodh Comharghrúpa um Shábháilteacht ar Bhóithre i gContae Chiarraí, aitheanta ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, chun tacaíocht a thabhairt don Chomhairle Contae an tsábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn i gCiarraí **(Gníomh 43 den Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020 - Comharghrúpa um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSWTG) a bhunú i ngach Ceantar Bardasach chun polasaí ilghníomhaireachta um shábháilteacht ar bhóithre a chomhordú agus a chur i bhfeidhm ag an leibhéal áitiúil).**

Tagann an Grúpa Oibre le chéile gach ráithe chun tionscnaimh agus feachtais maidir le sábháilteacht ar bhóithre a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Sa ghrúpa seo tá baill ó Chomhairle Contae Chiarraí, an Garda Síochána, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, Bonneagar Iompair Éireann agus ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Bhí ionchur ag na heagraíochtaí sin ar fad sa Phlean nua agus chomhaontaíodar é.

Sa Phlean seo baineadh leas as tionscnaimh atá ar bun cheana féin agus aithníodh bearta nua atá dírithe ar shábháilteacht ar ár mbóithre a fheabhsú. Is doiciméad "beo" é an Plean, ina leagtar amach go soiléir na bearta atá le cur i ngníomh chun an tsábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú. Le gach ceann de na bearta sin luaitear an ghníomhaireacht a bheidh freagrach as a chur i gcrích chomh maith leis an scála ama lena chríochnú. Dearadh an Plean chun dul i ngleic leis na tosca a chuireann le himbhuailtí bóthair sa Chontae, go háirithe, luas, tiomáint faoi thionchar dí, tuirse, gan crios sábhála a chaitheamh, agus úsáid as fón póca. Coimeádfar an Plean seo solúbtha sa tslí is go ndéanfar é a mheasúnú agus a athbhreithniú go leanúnach agus déanfar é a oiriúnú do reachtaíocht nua nó do chuir chuige nua a thagann isteach le linn na tréimhse cúig bliana.

6.1 RÁITEAS MISIN

"Minicíocht agus géire imbhuailtí, an líon úsáideoirí bóthair a mharaítear agus a ghortaítear go dona ar bhóithre Chiarraí a laghdú le hOideachas, Innealtóireacht, Forfheidhmiú, Measúnú"

6.2 CUSPÓIRÍ AN PHLEAN

Leibhéal na sábháilteachta ar bhóithre i gCiarraí a chur chun cinn agus a fheabhsú trí bhearta a chur i bhfeidhm atá bunaithe ar Oideachas, Innealtóireacht, Forfheidhmiú agus Measúnú. Cuimseofar sa Phlean gach ceann de na réimsí seo agus cuirfear dea-chleachtais chun cinn d'fhonn na cuspóirí seo a bhaint amach.

Bainfidh na gnéithe seo le gach úsáideoir bóthair chun ár mbóithre a dhéanamh níos sábháilte d'úsáideoirí leochaileacha agus beidh feidhm leo i gcás gach modh iompair. Cuirfear Plean um Shábháilteacht ar Bhóithre Chontae Chiarraí i bhfeidhm i bpáirt agus go comhoibritheach leis na páirtithe leasmhara.

Forbraíodh an Plean d'fhonn iad seo a chur chun cinn:

Úsáideoirí Bóthair Níos Sábháilte	Iompar úsáideoirí bóthair a fheabhsú trí chomhordú a dhéanamh ar oideachas agus ar fheasacht phoiblí sna scoileanna agus le gníomhaíochtaí pobalbhunaithe
Bóithre Níos Sábháilte	Timpeallacht bóithre níos sábháilte a chruthú trí bhainistiú éifeachtúil ar an ngréasán bóithre i gContae Chiarraí
Feithiclí Níos Sábháilte	Úsáid as feithiclí níos sábháilte a chur chun cinn tríd an oideachas agus trí bhearta forfheidhmithe

6.3 ACHOIMRE FHEIDHMEACH

Bunaíodh an Comharghrúpa um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSWTG), faoi cheannas Chomhairle Contae Chiarraí in Eanáir 2016. Is é an príomhról aige maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm Phlean um Shábháilteacht ar Bhóithre Chontae Chiarraí. Sa ghrúpa seo tá baill ó Chomhairle Contae Chiarraí, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, Bonneagar Iompair Éireann, An Garda Síochána agus ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Coimeádann an tÚdarás um Shábháilteacht ar bhóithre na taifid náisiúnta ar imbhuailtí bóthair mar a thuairiscigh an Garda Síochána iad. Déanann an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre anailís leanúnach ar an bhfaisnéis sin agus foilsíonn tuairiscí ar an anailís go tréimhsiúil.

I measc na dtosca a chuireann le himbhuailtí bóthair tá earráidí a dhéanann tiománaithe agus coisithe agus tosca a bhaineann leis na bóithre, le feithiclí agus leis an timpeallacht, ar dúshláin iad uile dúinn is sinn ag iarraidh dul i ngleic leis an tsábháilteacht ar bhóithre.

San Aontas Eorpach (AE) faigheann breis is 40,000 duine bás agus gortaítear breis is 1.7 milliún duine in imbhuailtí bóthair gach bliain, ar chostas €160 billiún de réir na meastachán (Bunachar Sonraí AE maidir le Tionóisc ar Bhóithre san Eoraip). Tá gortuithe trácht bóthair sa naoú háit ar liosta fadhbanna sláinte na hEagraíochta Domhanda Sláinte. Meastar go bhfuil an fhadhb chomh géar sin anois go mbeidh sé sa tríú háit faoin mbliain 2020.

Is tosaíocht i bpolasaí náisiúnta an Rialtais í an tSábháilteacht ar bhóithre. Beidh an Plean um Shábháilteacht ar Bhóithre Chontae Chiarraí mar bhonn faoi obair an Údaráis um Shábháilteacht ar bhóithre agus cabhróidh sé chun na tionscnaimh um shábháilteacht ar bhóithre ar fad a chomhordú laistigh den chontae.

Bunaítear i Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre an Rialtais 2013-2020 roinnt príomhspriocanna agus spriocanna tánaisteacha maidir lena bhfuil le baint amach faoi Oideachas, Forfheidhmiú, Innealtóireacht agus Measúnú. Bunaithe ar na spriocanna seo, tá roinnt cuspóirí arna bhforbairt ag Comharghrúpa um Shábháilteacht ar Bhóithre Chontae Chiarraí thart ar na téamaí straitéiseacha sin mar iarracht ar an tsábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú i gCiarraí. Déantar na téamaí sin a chatagóiriú a thuilleadh le go gcuimsítear réimsí amhail rannpháirt an phobail, úsáideoirí bóthair níos sábháilte, bóithre níos sábháilte agus comhordú agus cumarsáid. Chun na cuspóirí sin ar fad a bhaint amach, forbraíodh an Plean do thréimhse chúig bliana. Déanfar athbhreithniú ar an bPlean gach bliain.

Ní mór a aithint go bhfuil na príomh-chomhpháirtithe freagrach as an bPlean a chur chun feidhme ach go bhfuil ról ag úsáideoirí freisin maidir leis na hiarrachtaí básanna agus gortuithe tromchúiseacha agus mionghortuithe ar ár mbóithre a laghdú.

Comhairle Contae Chiarraí

Is í Comhairle Contae Chiarraí an foras reachtúil do thógáil agus do chothabháil bóithre poiblí sa Chontae. Is í sábháilteacht na ndaoine a úsáideann na bóithre atá mar bhonn faoi phleanáil, dearadh agus forbairt bóithre nua agus feabhsaithe. Is den riachtanas é go ndéantar cothabháil rialta ar an ngréasán chun go mbeidh sé sábháilte agus éifeachtúil d'fhonn freastal ar riachtanais an Chontae maidir le Forbairt Tionscail, Talmhaíochta, Turasóireachta agus Pobail.

Bóthar poiblí is ea bóthar a bhfuil an Údarás Áitiúil freagrach as a chothabháil agus ar a bhfuil ceart slí poiblí. Coimeádann Comhairle Contae Chiarraí sceideal agus léarscáileanna, faoi Chuid II d'Acht na mBóithre 1993 agus Rialacháin Bóithre 1994 (I.R. Uimh. 119 de 1994), de na bóithre poiblí ar fad atá faoina cúram.

An Garda Síochána

Is é misean An Gharda Síochána ina Straitéis Chorparáideach **"an leibhéal is airde cosanta pearsanta, tiomantais pobail agus slándála stáit dar féidir a bhaint amach"**. Áirítear leis seo roinnt aidhmeanna straitéiseacha i réimse Sábháilteachta Tráchta agus ar Bhóithre mar iarracht ar líon na dteagmhas ina maraítear daoine nó ina ngortaítear daoine go tromchúiseach a laghdú agus an tsábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú. Tá dlúthcheangal idir an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, Comhairle Contae Chiarraí agus An Garda Síochána i ndáil le tionscnaimh um shábháilteacht ar bhóithre.

I ngach rannán ar fud na tíre tá cór tráchta an Gharda Síochána tiomanta don reachtaíocht tráchta bóthair a chur i bhfeidhm, d'iompar tiománaithe a fheabhsú agus do bhainistiú an tráchta go ginearálta. Tá sé mar aidhm ag an nGarda Síochána líon na n-imbhuailtí a mbíonn bás nó gortú tromchúiseach mar thoradh orthu a laghdú, sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú agus díriú ar na tiománaithe úd ar dóichí go mbeidh baint ach le coireanna tiomána dainséaraí.

An tÚdarás um Sábháilteacht ar Bhóithre:

Is í an aidhm atá ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre ná daoine a shábháil agus gortuithe a chosc trí líon agus géire na n-imbhuailtí ar ár mbóithre a laghdú. Déanann an tÚdarás taighde agus tugann oideachas agus cosaint d'úsáideoirí bóthair d'fhonn a n-eolas, a scileanna agus a n-iompar a fheabhsú agus iad ag dul ar aghaidh sa saol. Déanann an tÚdarás caighdeáin tiomána a mheasúnú, cuireann oiliúint feabhais chun cinn agus tugann ceadúnais do thiománaithe i gcomhréir lena bhfuil siad ina theideal, déanann tástáil ar íoschaighdeáin agus tacaíonn leis an gcomhlíonadh i measc tiománaithe agus oibreoirí feithiclí tráchtála chomh maith leis na nithe sin uile a chur i bhfeidhm nuair is gá.

Oibríonn an tÚdarás go dlúth le Comhairle Contae Chiarraí san fheachtas chun líon na mbásanna agus na ngortuithe ar ár mbóithre a laghdú. Tá lántacaíocht tugtha ag an Údarás don Chomharghrúpa um Shábháilteacht ar Bhóithre Chontae Chiarraí agus oibríonn sé i bpáirt leo agus Plean um Shábháilteacht ar Bhóithre Chontae Chiarraí á chur chun feidhme acu.

Bonneagar Iompair Éireann

Deineadh an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta agus an Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród a chumasc ar an 1 Lúnasa 2015 mar aonad nua dar teideal Bonneagar Iompair Éireann (TII). Is é príomhfheidhm TII, faoi théarmaí Acht na mBóithre (2015), gréasán bóithre náisiúnta atá sábháilte agus éifeachtúil a sholáthar. De réir ráiteas misin an TII is cúram dóibh cáilíocht beatha na ndaoine agus iomaíochas an gheilleagair a fheabhsú trí fhorbairt, chothabháil agus oibríocht an ghréasáin bóithre náisiúnta, ar bhealach atá sábháilte, éifeachtach ó thaobh costais de agus inbhuanaithe. Is é TII atá freagrach as caighdeáin tógála agus chothabhála ar ár mbóithre náisiúnta a phleanáil agus a mhaoirsiú. Cuireann TII Innealtóir Réigiúnach Sábháilteachta ar Bhóithre ar fáil do réigiún an iardheiscirt le bheith i dteagmháil le Comhairle Contae Chiarraí maidir le cúrsaí sábháilteachta ar bhóithre náisiúnta.

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Tá Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) freagrach as Seirbhísí Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta Pearsanta a sholáthar don uile dhuine atá ina chónaí sa stát seo. Feidhmíonn an FSS 24 uair an chloig, seacht lá na seachtaine. Ceann dá príomhchuspóirí is ea staitisticí agus faisnéis a chur ar fáil maidir le gortuithe a tharla de thoradh ar imbhuailtí tráchta bóthair agus dálaí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar iompraíocht tiománaí, amhail leibhéal alcóil san fhuil, úsáid drugaí nó bunghalar.

Comhchoiste Póilíneachta

Faoi Alt 36 d'Acht an Gharda Síochána 2005, bunaíodh Comhchoistí Póilíneachta (JPC) i limistéir na nÚdarás Áitiúil chun fóram a chur ar fáil inar féidir le hÚdaráis Áitiúla, Gardaí sinsearacha, baill den Oireachtas agus ionadaithe pobail dul i mbun comhairliúcháin agus plé agus moltaí a dhéanamh faoi chúraimí a bhaineann le póilíneacht sa cheantar sin. Is baill d'fho-chomhchoiste póilíneachta um shábháilteacht ar bhóithre iad Stiúrthóir Oibríochtaí, Bonneagair Caipitil & Sábháilteachta agus Innealtóir Sinsearach, Oibríochtaí Bonneagair Caipitil & Sábháilteachta Chomhairle Contae Chiarraí. San fhóram seo is féidir faisnéis luachmhar faoi chúrsaí tábhachtacha a mhalartú a d'fhéadfadh cabhrú leis na Baill thofa le forbairt polasaí.

8.0 PRÓIFÍL CHONTAE CHIARRAÍ

Tá Contae Chiarraí suite in iardheisceart na hÉireann agus tá 1,815 míle cearnach ann. Is é an cúigiú contae is mó in Éirinn é, is tairseach agus mol turasóireachta agus cultúir é, agus leis an leibhéal gníomhaíochta tionscail agus tráchtála ann tá brú níos mó ag teacht ar an ngréasán bóithre ann.

Tá cónaí ar chuid mhaith den daonra i gceantair thuaithe taobh amuigh de na trí phríomhbhaile, Trá Lí, Cill Airne agus Lios Tuathail, agus bítear dá bharr sin ag brath go mór ar charranna mar phríomh-mhodh taistil. I nDaonáireamh 2011 ba é 145,502 daonra Chontae Chiarraí (72,629 fireann agus 72,873 baineann), i gcomparáid le 139,835 duine in 2006 agus 132,527 duine in 2002 agus 126,130 i 1996.

D'eisigh an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) Réamhthuairisc do Dhaonáireamh 2016 ar an 14 Meitheamh 2016. Is iad réamhthorthaí áirimh tosaigh an Daonáirimh. Ba é 147,554 (73,039 fireann agus 74,515 baineann) daonra Chontae Chiarraí sa Réamhthuairisc do Dhaonra 2016. Sin ardú 1.4% ar fhigiúirí Dhaonáireamh 2011 - i.e. 2,052 duine.

De réir na réamh-mheastachán déimeagrafach beidh daonra 167,000 duine i gContae Chiarraí faoin mbliain 2021.

Meastar freisin go n-ardóidh an leibhéal úinéireachta carranna suas go 55 carr an 100 duine. Thabharfadh na treochtaí seo le fios go n-ardóidh an líon carranna sa chontae go 92,000 faoin mbliain 2021. Cé go dtarraingíonn sé sin ár n-aird ar an dúshlán a bhaineann le gréasán iompair phoiblí níos éifeachtúla a fhorbairt sa chontae agus úsáid níos mó as malairt modhanna iompair a spreagadh. Toisc nádúr imeallach an chontae tá an leibhéal úinéireachta carranna réalaíoch.

8.1 GRÉASÁN BÓITHRE CHIARRAÍ

Déantar bóithre a rangú faoi na ceannlínte seo a leanas:

Bóithre Náisiúnta	Is iad na Bóithre Náisiúnta agus na Bóithre den Dara Grád na príomhbhóithre sa chontae a nascann na príomhbhailte lena chéile agus is iad freisin na príomhbhealaí isteach sa chontae.
Bóithre Réigiúnacha	Is iad seo na príomhbhealaí nasctha idir na Bealaí Náisiúnta agus nascann siad na bailte móra agus na sráidbhailte.
Bóithre Áitiúla	Is iad sin na bóithre poiblí ar fad nach n-áirítear faoi na catagóirí Náisiúnta ná Réigiúnacha.

Tá gréasán bóithre fairsing i gCiarraí de 4,881 km:

Príomhbhóithre Náisiúnta	98km
Bóithre Náisiúnta den Dara Grád	337km
Bóithre Réigiúnacha	537km
Bóithre Áitiúla	3909km

Tá Comhairle Contae Chiarraí in éineacht le Bonneagar Iompair Éireann, an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ag leanúint de bhearta innealtóireachta a chur chun feidhme ar na bóithre seo le béim ar leith ar shábháilteacht ar bhóithre.

Seachadtar seirbhísí bóthair trí Oifigí Cheantar Bardasach an Chontae agus Oifig Chiarraí um Dhearadh Bóithre Náisiúnta agus tugann an feidhmeannas Oibríochtaí Bonneagair Caipitil & Sábháilteachta, atá lonnaithe in Árais an Chontae, Trá Lí, tacaíocht bainistíochta agus riaracháin.

Déantar an gréasán bóithre a bhainistiú ó Áras an Chontae, tríd na 4 Oifig Ceantair Bhardasaigh mar a leanas:

Toghcheantar	Ceantar Innealtóireachta
Ceantar Bardasach Thrá Lí	Trá Lí
Ceantar Bardasach Chill Airne	Cill Airne Oileán Ciarraí
Ceantar Bardasach Lios Tuathail	Lios Tuathail
Ceantar Bardasach Chiarraí Theas & Thiar	Cathair Saidhbhín Daingean Uí Chúis Neidín Cill Orglan

Is é beagnach €3 bhilliún luach sócmhainne an ghréasáin bóithre i gCiarraí. Ní mór é sin a bhainistiú, a chothabháil agus a fheabhsú d'fhonn an leas is fearr a bhaint as don phobal uile. Ní mór é a chothabháil go héifeachtach agus go héifeachtúil agus é a chosaint ar mhí-úsáid agus ar dhíghrádú róluath.

9.0 SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE – A BHFUIL I GCEIST

Cuireadh gréasáin bóithre ar fáil chun ligean do dhaoine agus earraí gluaiseacht ar fud an stáit agus tá na húsáideoirí bóthair sin i dteideal taisteal sábháilte ar an ngréasán sin. Tá sé de dhualgas ar úsáideoirí bóthair an gréasán a úsáid ar bhealach stuama agus sábháilte agus meas a léiriú ar an úsáid acu féin agus ag daoine eile.

9.1 SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE - COMHTHÉACS NÁISIÚNTA

Leagadh síos sa chéad Straitéis Sábháilteachat ar na Bóithre Náisiúnta, **"Bóthar na Sábháilteachta 1998-2002"**, príomhsprioc de laghdú 20% ar a laghad ar bhásanna agus ar ghortuithe tromchúiseacha ar na bóithre. Baineann spriocanna eile le cur i bhfeidhm fhorálacha na nAchtanna um Thrácht ar Bhóithre maidir le tiomáint róthapa, tiomáint faoi thionchar alcóil, crios sábhála a chaitheamh agus bearta innealtóireachta a chur chun feidhme chun rátaí na n-imbhuailtí ar shuíomhanna ina mbíonn líon mór imbhuailtí a laghdú. Leis an gcóras pointí pionóis, a tugadh isteach go déanach in 2002, imríodh tionchar suntasach ar fheasacht ar shábháilteacht ar bhóithre.

Ina dhiaidh sin bhí **"Straitéis Sábháilteachta ar na Bóithre 2004-2006"** a bhí dírithe ar mheánleibhéal na mbásanna a laghdú. Ba í an phríomhsprioc "laghdú 25% ar mheánlíon na mbásanna ar bhóithre idir 1998 agus 2003, arbh é an toradh a bheadh air ná líon nach mó ná 300 bás in aghaidh na bliana faoi dheireadh thréimhse na straitéise". Bhain spriocréimsí tánaisteacha le bearta maidir le tiomáint róthapa (athbhreithniú ar theorainneacha luais), úsáid as criosanna sábhála, tiomáint faoi thionchar alcóil agus úsáideoirí leochaileacha bóthair.

Leis an tríú **"Straitéis Sábháilteachta ar na Bóithre 2007-2012"** deineadh iarracht mórtas pearsanta agus poiblí a chothú maidir lenár n-iompraíocht ar na bóithre agus ár bhfeidhmíocht mar náisiún, agus an pobal a spreagadh ar an gcuma sin a bheith freagrach as n-iompraíocht. Ba é príomhaidhm na straitéise líon na n-imbhuailtí, na mbásanna agus na ngortuithe ar bhóithre na hÉireann a laghdú. D'aithin an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre iompraíocht a bhfuil gá lena hathrú ag bearta na Straitéise, ina measc; tiomáint róthapa, tiomáint lagaithe de dheasca alcóil, drugaí nó tuirse, gan criosanna sábhála a bheith in úsáid, iompraíocht mhíshábháilte i leith úsáideoirí leochaileacha bóthair nó ag úsáideoirí leochaileacha bóthair.

Ba iad Oideachas agus Éabhlóid na príomhghnéithe ar ar dhein an tÚdarás an chuid is mó den obair.

Tá sé mar aidhm leis an Straitéis Sábháilteachta ar na Bóithre reatha, **"Straitéis Sábháilteachta ar na Bóithre 2013-2020"**, líon na mbásanna de bharr imbhuailtí bóthair a laghdú go 25 an milliún duine nó níos lú faoin mbliain 2020, d'fhonn Éire a thabhairt níos gaire do na tíortha is sábháilte. Chuige sin chaithfí líon na mbásanna a laghdú ó 162 in 2012 go 124, nó níos lú, faoin mbliain 2020. Leagadh síos chomh maith sprioc shealadach de laghdú 30% ar ghortuithe tromchúiseacha ó 472 (2011) go 330 faoi 2020 nó 61 an milliún duine. Leagtar amach i Straitéis Sábháilteachta ar na Bóithre 2013-2020 sprioc shoiléir uaillmhianach i gcomhair líon na ngortuithe tromchúiseacha ar ár mbóithre a laghdú chomh maith le spriocanna nua i gcomhair básanna a laghdú. Is é an dúshlán atá ann do Straitéis Sábháilteachta ar na Bóithre 2013-2020, an réchúis a sheachaint, cur leis an gcultúr atá tar éis teacht chun cinn, agus a chinntiú go leanann úsáideoirí bóthair in Éirinn de bheatha daoine a shábháil, gortuithe a chosc agus Éire a bheith ar cheann de na tíortha is sábháilte san AE.

9.2 SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE - COMHTHÉACS ÁITIÚIL

Sa ghrúpa seo tá baill ó Chomhairle Contae Chiarraí, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, Bonneagar Iompair Éireann, An Garda Síochána agus ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Tiocfaidh an grúpa le chéile uair sa ráithe agus is é Innealtóir Sinsearach Roinn Oibríochtaí, Bonneagair Caipitil & Sábháilteachta Chomhairle Contae Chiarraí a bheidh mar Chathaoirleach. Seo a leanas baill an ghrúpa:

Ball	Eagraíocht
Mr. David Doyle	Comhairle Contae Chiarraí
Mr. Brian Lennon	Comhairle Contae Chiarraí
Ms. Michelle Mullane	Comhairle Contae Chiarraí
Ms. Lucy Curtis	Bonneagar Iompair Éireann
An Cigire Anthony Sugrue	An Garda Síochána
Ms. Eileen Cunningham	An tÚdarás um Sábháilteacht ar Bhóithre
Mr. Brendan Galwey	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Seo a leanas aidhmeanna an Chomharghrúpa um Shábháilteacht ar Bhóithre Chontae Chiarraí do na blianta amach romhainn:

- Cuspóirí a fhorbairt maidir le himbhuailtí ar bhóithre a laghdú agus a chosc
- Straitéisí a fhorbairt chun na cuspóirí sin a bhaint amach
- Gníomhaireachtaí eile a thabhairt isteach sa phróiseas
- Córas monatóireachta a fhorbairt don chur chun feidhme
- Gníomhartha atá le cur chun cinn thar thréimhse an Phlean um Shábháilteacht ar Bhóithre Chontae Chiarraí a chomhaontú
- A chinntiú go mbaineann gach Ceantar Bardasach i gCiarraí leas as cur chun feidhme an Phlean um Shábháilteacht ar Bhóithre Chontae Chiarraí

Agus ceann á thabhairt do na moltaí i Straitéis Sábháilteachta ar na Bóithre 2013-2020 de chuid an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre, cuirfidh Comhairle Contae Chiarraí, in éineacht leis na páirtithe leasmhara, tionscnaimh sábháilteachta ar bhóithre chun cinn sa Chontae, le tacaíocht ó Chomhaltaí Tofa Chomhairle Contae Chiarraí.

10.0 STAITISTICÍ

Cailleadh 49 duine ar bhóithre Chiarraí de thoradh ar imbhuailtí tráchta bóthair idir 2011 agus 2015, rud a fhágann Ciarraí ar an gcúigiú contae sa tír ó thaobh básanna ar na bóithre de.

Básanna Chontae, Cúig bliana 2011-2015



Figiúr 1. ***Líon na mbásanna sa Chontae thar thréimhse 5 bliana - 2011-2015***
Nóta: *Figiúirí do 2011-2014 arna ndeimhniú ag an RSA. Tá na figiúirí do 2015 sealadach agus d'fhéadfadh athrú teacht orthu*

Sa tábla seo thíos tá briseadh síos ar na básanna i gCiarraí de réir bliana.

Contae	2011	2012	2013	2014	2015	Iomlán 5 bliana
Ciarraí	7	7	13	14	8	49

Is é 10 meánlíon na mbásanna ar bhóithre sa bhliain i gCiarraí 2011-2015, ó 7 gcinn in 2011 agus 2012 suas go 14 in 2014.

10.1 BÁSANNA AR BHÓITHRE NA HÉIREANN 2015

In 2015 taifeadadh an líon básanna ar bhóithre is ísle (166) ón mbliain 2012 (162). Sa tréimhse Eanáir-Nollaig 2015, tharla 159 imbhualadh marfach ina bhfuair 166 duine bás ar bhóithre na hÉireann. Idir 2014 agus 2015 tháinig laghdú 14% ar líon na mbásanna ar na bóithre go náisiúnta. Sin 20 (11%) níos lú imbhuailtí agus 27 (14%) níos lú básanna i gcomparáid le sonraí sealadacha an Gharda Síochána don tréimhse chéanna in 2014.

Tharla laghdú ar líon na mbásanna ar bhóithre i bhformhór na gcatagóirí d'úsáideoirí bóthair, d'fhan líon na dtiománaithe mar an gcéanna áfach. Tiománaithe agus paisinéirí is ea beagán tharais triúr as gach cúigear a cailleadh (62%) in 2015, agus beirt as gach cúigear (38) b'úsáideoirí leochaileacha (coisithe, gluaisrothaithe, agus rothaithe) iad. Is é an t-athrú is mó ar an bpróifíl a chonacthas ná titim 31% ar líon na bpaisinéirí a fuair bás (síos ó 39 go 27). Is titim ghlan de 10 % mbás duine i bhfeithicil tiománaithe agus paisinéirí) (115 go 103) é sin idir 2014 agus 2015. Tháinig laghdú 19% i measc úsáideoirí leochaileacha bóthair in 2015 leis an laghdú is suntasaí i measc coisithe.

As an 166 duine a fuair bás, bhí 76 tiománaí, 27 paisinéir, 32 coisí, 22 gluaisrothaí, agus 9 rothaí.

Bhí **Ciarraí** ar cheann de na contaetha leis an líon is airde básanna i measc **gluaisrothaithe (3)** agus **básanna i measc rothaithe (2)** in 2015.

Tharla an líon is airde básanna ar ár mbóithre i measc daoine idir 16-25 bliana d'aois (45) agus níos sine ná 66 bliana d'aois (31).

Bhí titim shuntasach ar líon na mbásanna i measc paisinéirí ó 2014 go 2015 (síos ó 39 go 27). Fuair 76 tiománaí bás i gcaitheamh ceachtar den dá bhliain sin.

Fireannaigh ba ea 130 (78%) díobhsan a cailleadh.

Bhí ráta ard básanna inar toisc é gan crios sábhála a bheith á chaitheamh (29%) sna cásanna sin arb eol cad a tharla.

Tháinig ardú ar líon na mbásanna i measc daoine 16-25 bliana d'aois (suas ó 35 go 45) agus daoine 56-65 bliana d'aois (suas ó 17 go 23).

An Domhnach ba ea an lá ba dhainséaraí ar bhóithre na hÉireann in 2015 agus 32 duine básaithe ar an lá úd. Bhí buaic lár seachtaine i gceist freisin ar an Máirt (28).

Tharla an líon is mó básanna in 2015 idir 10a.m. agus 12p.m. (20) agus 4p.m. agus 6p.m. (19).

Nóta: *Tá na figiúirí ón RSA sealadach agus d'fhéadfadh athrú teacht orthu*

10.2 CÚISEANNA IMBHUAILTÍ

Tá an iliomad cúiseanna éagsúla le himbhuailtí tráchta bóthair. Is iad earráid dhaonna, teip mheicniúil agus timpeallacht easpach na trí phríomhchúis is mó le himbhuailtí ar na bóithre agus de ghnáth is meascán de roinnt tosca a bhíonn i gceist.

Sa staidéar a dhein an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre ar imbhuailtí marfacha a tharla idir 2008 agus 2012, fuarthas gurbh iad na príomhchúiseanna le himbhuailtí, básanna agus gortuithe ar na bóithre:

Taisteal róthapa

Luas nach n-oireann do na cúinsí ag an am ná do chúinsí tiomána

Tiomáint lagaithe

Ag tiomáint faoi thionchar alcóil nó drugaí

Tiománaí tuirseach

Tiomáint agus tuirse rómhór ar an tiománaí agus/nó gan a bheith ábalta fanacht ina d(h)úiseacht

Gan crios sábhála á chaitheamh

Gan crios sábhála a úsáid nó gan é a úsáid i gceart agus srian sábháilteachta do leanaí

Úsáideoirí leochaileacha bóthair

Iompraíocht chontúirteach i leith úsáideoirí leochaileacha nó ag úsáideoirí leochaileacha (coisithe, rothaithe, leanaí óga agus daoine aosta)

(RSA, 2016. Imbhuailtí Marfacha 2008-2012, Barraíocht Luais mar Thoisc)

Anuas ar an méid sin, fuarthas sa staidéar a dhein an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre idir 2008 agus 2012 go raibh an cion is mó de thiománaithe a dearbhaíodh gur bhoinn lochtacha ba chúis go hiomlán nó go páirteach leis an imbhualadh ina raibh a bhfeithiclí lonnaithe i nDún na nGall (18.2%), Corcaigh, **Ciarraí** agus Loch Garman (9.1% an ceann).

(RSA, 2016. Imbhuailtí Marfacha 2008-2012, Tosca Feithiclí)

10.3 BÁSANNA ÚSÁIDEOIRÍ BÓTHAIR GO NÁISIÚNTA 2010-2014



Figiúr 2. ***Básanna Úsáideoirí Bóthair go Náisiúnta 2010-2014***
*** Úsáideoir cairr is ea tiománaí nó paisinéir**

Úsáideoir Bóthair	2010	2011	2012	2013	2014	5 bliana
Coisí	44	47	29	31	42	**193**
Rothaí	5	9	8	5	12	**39**
Gluaisrothaithe	17	18	19	27	24	**105**
Úsáideoir Cairr *	130	95	89	113	114	**541**
Úsáideoir feithicle eile	16	17	17	14	4	**68**
	212	**186**	**162**	**190**	**196**	**946**

10.4 BÁSANNA ÚSÁIDEOIRÍ BÓTHAIR I GCIARRAÍ 2010-2015



Figiúr 3. ***Básanna Úsáideoirí Bóthair i gCiarraí - 2010-2015***
Nóta: *Figiúirí do 2010-2014 ama ndeimhniú ag an RSA. Tá na figiúirí do 2015 sealadach agus d'fhéadfadh athrú teacht orthu*
***Úsáideoir cairr is ea tiománaí nó paisinéir**

Úsáideoir Bóthair	2010 Ciarraí	2011 Ciarraí	2012 Ciarraí	2013 Ciarraí	2014 Ciarraí	2015 Ciarraí	Ciarraí 6 bliana
Coisí	2	1	2	1	3	1	10
Rothaí	0	1	1	1	1	2	6
Gluaisrothaithe	2	0	1	2	0	3	8
Úsáideoir Cairr *	7	5	2	9	10	2	35
Úsáideoir feithicle eile	0	0	1	0	0	0	1
	11	**7**	**7**	**13**	**14**	**8**	**60**

10.5 BÁSANNA ÚSÁIDEOIRÍ BÓTHAIR I GCIARRAÍ 2015



Figiúr 4. ***Básanna Úsáideoirí Bóthair i gCiarraí - 2015***
Nóta: *Tá na figiúirí ón RSA sealadach agus d'fhéadfadh athrú teacht orthu*
***Úsáideoir cairr is ea tiománaí nó paisinéir**

10.6 PRÍOMHCHINEÁLACHA IMBHUAILTÍ I gCIARRAÍ 2014

Taifeadadh 1154 imbhualadh i gCiarraí in 2014 agus fuair 14 dhuine bás i 13 imbhualadh.

Gach Imbhualadh a Taifeadadh in 2014 i gCiarraí (figiúirí sealadacha)



Figiúr 5. ***Gach Imbhualadh a Taifeadadh i gCiarraí in 2014***

Cineálacha Imbhuailtí i gCiarraí 2014 (figiúirí sealadacha)



Figiúr 6. ***Cineálacha i gCiarraí – 2014***

2014 Contae Chiarraí	1154
Imbhuailtí Marfacha	13
Gortú Tromchúiseach	14
Mionghortú	180
Damáiste Ábhair Amháin	947

		Marfach	Tromchúiseach	Míonghortú	Damáiste Ábhair Amháin
Imbhualadh uillinne	**119**	0	2	8	109
Rothaí	**23**	1	3	15	4
Tul-imbhualadh	**53**	1	2	15	35
Tul-imbhualadh ar chasadh ar dheis	**11**	0	1	2	8
Feithicil shingil	**400**	8	2	64	326
Coisí	**44**	3	3	34	4
Ón taobh thiar	**248**	0	0	19	229
Ón taobh	**256**	0	1	23	232
Iomlán	**1154**	**13**	**14**	**180**	**947**

35% de na himbhuailtí a taifeadadh in 2014 ba fheithicil shingil a bhí i gceist

62% de na himbhuailtí marfacha a taifeadadh in 2014 ba fheithicil shingil a bhí i gceist

10.7 CATHAIN A THARLAÍONN IMBHUAILTÍ MARFACHA TRÁCHTA BÓTHAIR I GCIARRAÍ - AM/MÍ – 2013-2015

I bhfigiúr 7 thíos feictear an tréimhse ardbhaoil sa lá. Tagann méadú mór ar líon na mbásanna i gCiarraí idir 20:00 agus 22:00 - 23%. Tharla 29% de himbhuailtí tráchta bóthair idir 16:00 agus 20:00.

Am, Imbhuailtí marfacha tráchta bóthair i gCiarraí 3 bliana 2013-2015



Am	2013 Ciarraí	2014 Ciarraí	2015 Ciarraí	Ciarraí 3 bliana
0-2	0	0	0	0
2-4	0	2	1	3
4-6	0	0	0	0
6-8	0	0	0	0
8-10	0	1	0	1
10-12	0	0	3	3
12-14	2	2	0	4
14-16	2	2	0	4
16-18	2	3	0	5
18-20	3	0	2	5
20-22	3	3	2	8
22-24	1	1	0	2
	13	**14**	**8**	**35**

Nóta: *Figiúirí do 2013-2014 arna ndeimhniú ag an RSA. Tá na figiúirí do 2015 sealadach agus d'fhéadfadh athrú teacht orthu*

Figiúr 7. ***Imbhuailtí marfacha tráchta bóthair i gCiarraí - am – 2013-2015***
Nóta: *Figiúirí do 2013-2014 arna ndeimhniú ag an RSA. Tá na figiúirí do 2015 sealadach agus d'fhéadfadh athrú teacht orthu*

Mí, Imbhuailtí marfacha tráchta bóthair i gCiarraí 2013-2015



Mí	2013 Ciarraí	2013 Ciarraí	2013 Ciarraí	Ciarraí 3 bliana
Eanáir	0	3	0	3
Feabhra	0	3	2	5
Márta	2	1	0	3
Aibreán	0	0	1	1
Bealtaine	2	0	0	2
Meitheamh	1	1	0	2
Iúil	2	1	1	4
Lúnasa	3	0	1	4
M. Fómhair	3	1	1	5
D. Fómhair	0	0	1	1
Samhain	0	3	1	4
Nollaig	0	1	0	1
Iomlán	**13**	**14**	**8**	**35**

Nóta: *Figiúirí do 2013-2014 arna ndeimhniú ag an RSA. Tá na figiúirí do 2015 sealadach agus d'fhéadfadh athrú teacht orthu*

Figiúr 8. ***Imbhuailtí marfacha tráchta bóthair i gCiarraí - mí – 2013-2015***
Nóta: *Figiúirí do 2013-2014 arna ndeimhniú ag an RSA. Tá na figiúirí do 2015 sealadach agus d'fhéadfadh athrú teacht orthu*

Lá na seachtaine a tharla imbhualadh marfach 2013-2014



Lá na Seachtaine	2013 Ciarraí	2014 Ciarraí
Luan	2	3
Máirt	1	2
Céadaoin	1	2
Déardaoin	0	3
Aoine	2	0
Satharn	2	2
Domhnach	5	1
Iomlán	**13**	**13***

*13 imbhualadh marfach inar maraíodh 14

Figiúr 9. *Imbhuailtí Marfacha i gCiarraí - lá na seachtaine a tharla imbhualadh marfach in 2013-2014*

11.0 BÁSANNA AGUS GORTUITHE AR BHÓITHRE – NA FÍRICÍ/BEARTA

Glacann Comhairle Contae Chiarraí, Bonneagar Iompair Éireann, An Garda Síochána, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus úsáideoirí bóthair iad féin, ról tábhachtach in iarrachtaí an gréasán bóithre a dhéanamh níos sábháilte do gach catagóir úsáideoirí bóthair. Sa ghrúpa seo tá baill ó Chomhairle Contae Chiarraí, Bonneagar Iompair Éireann, An Garda Síochána agus an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre.

Iniúchtaí ar Shábháilteacht ar Bhóithre:

Tá an tsábháilteacht mar bhonn faoi dhearadh na bóithre nua agus corpraítear í sa Lámhleabhar um Dhearadh Bóithre agus Droichead (DMRB), arb é an caighdeán deartha anois é do bhóithre in 2001. Cuimsítear sa phróiseas deartha go ndéanfaí iniúchadh ag 3 phríomhchéim:

- Dearadh
- Tógáil
- Measúnú (ar a chríochnú dó chun guaiseacha a d'fhéadfadh a bheith ann agus a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar aon chineál úsáideora bóthair a aithint).

Corpraíonn Comhairle Contae Chiarraí ansin bearta oiriúnacha chun fáil réidh le haon ghuaiseacha a aithníodh san iniúchadh nó chun iad a mhaolú. Tá polasaí ag Comhairle Contae Chiarraí go ndeartar gach forbairt nua tithíochta i gcomhréir leis an Lámhleabhar um Dhearadh Uirbeach agus Bóithre & Sráideanna (DMURS) ina gcloítear leis an bprionsabal go gcaithfear luas a mhoilliú i gceantair chónaithe.

Scéimeanna Moillithe Tráchta ar Bhóithre Náisiúnta:

Tá sé mar aidhm leis na scéimeanna seo, atá maoinithe ag Bonneagar Iompair Éireann, an tsábháilteacht ar Bhóithre Náisiúnta trí bhailte agus trí shráidbhailte a fheabhsú. Fuarthas nach mealltar tiománaithe a luas a laghdú ag aon leibhéal suntasach le teorainneacha luais ar bhóithre náisiúnta trí bhailte agus sráidbhailte gan aon bhearta maolaithe luais fisiciúla a chur orthu. Tá sé mar aidhm le moilliú tráchta, luas feithiclí a laghdú trí mhodhanna innealtóireachta tráchta féin-fhorfheidmithe. Nuair a mhaolaítear luas, maolaítear ar imbhuailtí leis. Cuirtear laghduithe luais i bhfeidhm trí leithead an bhealaigh a laghdú, cuma an bhóthair ar an mbealach isteach go dtí an baile/sráidbhaile a mhionathrú le 'tairseacha' a chruthaíonn spás ar an mbóthar ar féidir é a roinnt le húsáideoirí leochaileacha bóthair. Déantar na scéimeanna maolaithe tráchta seo a choimeád ar siúl le socruithe breise laistigh den bhaile féin.

Scéimeanna Maolaithe Tráchta in Eastáit Tithíochta:

Ghlac Comhairle Contae Chiarraí Polasaí ar an 16 Bealtaine 2016 ar mhaithe le bearta maolaithe tráchta a chur i bhfeidhm in Eastáit Tithíochta. Tá an Polasaí seo dírithe ar bhearta a chur chun feidhme i limistéir chónaithe ard-dlúis d'fhonn luas a mhaolú agus d'fhonn úsáideoirí leochaileacha bóthair go háirithe a chosaint.

Scéimeanna Sábháilteachta ar Chostas Íseal:

I measc na scéimeanna seo, maoinithe ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (DTTAS) tá líneáil, comharthaí agus oibreacha feabhsúcháin acomhal. Tá na critéir do na scéimeanna seo bunaithe ar shonraí ar imbhuailtí agus ar chigireachtaí ar na láithreacha agus ar na suíomhanna a léiríonn réitigh ar chúiseanna na n-imbhuailtí. Déantar na feabhsúcháin seo go bliantúil i gcomhréir leis an Innealtóir Sábháilteachta Bóithre Réigiúnach agus is í Comhairle Contae Chiarraí a chuireann i bhfeidhm iad.

Comharthaí:
Tá uasdátú déanta ar na comharthaí ar na bealaí náisiúnta uile. Cuirfidh Comhairle Contae Chiarraí comharthaí nua in airde agus déanfaidh uasghrádú ar chomharthaí ar bhóithre neamh-náisiúnta, go háirithe comharthaí rabhaidh agus rialála ag suíomhanna ardbhaoil, faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil di.

Polasaí Cothabhála Geimhridh:
Tá Comhairle Contae Chiarraí freagrach as clár cothabhála geimhridh a chur chun feidhme ar fud an Chontae. Tá Tarchuradóir Aimsire Vaisala á úsáid in dá shuíomh faoi láthair i gCiarraí - Mainistir na Féile agus Gleann Fleisce, agus beidh ceann eile in úsáid ar an gCoireán. Cabhraíonn an córas braite agus tuartha oighir in éineacht leis an mapáil theirmeach chun a fháil amach cé acu ceantar is dóichí a mbeidh leac oighir ann. Úsáidtear na córais lena dheimhniú an ceart salann nó grean a leathadh, ag brath ar na dálaí.

Teorainneacha Luais Speisialta Tréimhsiúla:
Mar chuid den Athbhreithniú ar Theorainneacha Luais, scrúdófar teorainneacha luais speisialta tréimhsiúla do scoileanna atá suite le hais bóithre náisiúnta agus réigiúnacha más gá. Faoi láthair tá dhá cheann de na teorainneacha luais seo i bhfeidhm ag Comhairle Contae Chiarraí, ceann amháin ag Scoil Náisiúnta na Faille Móire, agus ceann eile ag Scoil Náisiúnta Dhoire Mhic Aodha.

Teorainneacha Luais:
Tá athbhreithniú á dhéanamh ag Comhairle Contae Chiarraí ar theorainneacha luais ar fud an Chontae faoi láthair. Tá na Treoirlínte Sainordaitheacha maidir le teorainneacha luais a bhunú agus a bhainistiú eisithe anois, faoin Treoir ón Aire Iompair, Turasóireachta & Spóirt, agus úsáidfear iad chun luas oiriúnach do gach bóthar poiblí a dheimhniú. Tá feidhm ag teorainneacha luais ar bhonn réamhshocraithe agus ní féidir iad a athrú ach ar bhonn buan, seasta, inathraitheach nó tréimhsiúil, tríd an gComhairle, ach Fodhlíthe Teorainneacha Luais Speisialta a achtú.

Oideachas agus Feasacht:
Tá Oifigigh Oideachais um Shábháilteacht ar Bhóithre lánaimseartha fostaithe ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus tugann siad cuairt ar scoileanna ar fud an Chontae ag soláthar cláir sábháilteachta ar bhóithre. Cuireadh na cláir seo in oiriúint go speisialta chun freastal ar riachtanais agus srianta ama gach scoile. Tugann Gardaí cuairt ar na scoileanna ar fud an Chontae leis an teachtaireacht maidir le sábháilteacht ar bhóithre, agus ó 2015 i leith, eagraíonn siad Taispeántas um Shábháilteacht ar Bhóithre gach bliain, do dhaltaí meánscoile (16-18 mbliana d'aois) ar a fhreastalaíonn thart ar 1,500 dalta ó gach cearn den Chontae. Tá sé molta go leanfaí ar aghaidh leis an gclár seo sna blianta amach romhainn.

Leanann Comhairle Contae Chiarraí d'fheachtais ar shábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn agus bainistíonn freisin dáileadh faisnéise atá spriocdhírithe ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus ón nGarda Síochána.

Oifigeach um Fhorfheidmiú ar Bhóithre:
Tá Oifigeach um Fhorfheidmiú ar Bhóithre ag Comhairle Contae Chiarraí atá údaraithe Acht na mBóithre 1993 a fhorfheidhmiú. Folaíonn sé seo áitribh shealadacha a bhogadh ó bhóthar poiblí, chomh maith le carranna ar díol, carranna a tréigeadh, agus fógraí agus comharthaí neamhúdaraithe. Déanann an tOifigeach um Fhorfheidhmiú ar Bhóithre fiosrúcháin freisin ar fhadhbanna draenála, damáiste do bhóithre poiblí, salachar nó pluda ar bhóithre poiblí, cinntíonn sé nó sí go gcomhlíontar na coinníollacha athchóirithe a ghabhann le ceadúnais athoscailte bóthair agus bíonn sé nó sí i dteagmháil le húinéirí talún lena chinntiú go mbíonn cláir bearrtha fáil i bhfeidhm acu faoi mar is cúram dóibh.

Forfheidhmiú:
Leanfaidh an Garda Síochána dá n-iarrachtaí líon na n-imbhuailtí marfacha agus tromchúiseacha a laghdú agus sruthú an tráchta a fheabhsú le dian-fhorfheidhmiú maidir le tiomáint róthapa, úsáid criosanna sábhála, tiomáint ar meisce, boinn lochtacha agus fóin phóca a bheith in úsáid.

Tá 1,031 stráice bóthair aitheanta go náisiúnta anois mar chriosanna forfheidhmithe luais, éifeachtach ón 27 Bealtaine 2016, agus is ar na stráicí seo den ghréasán bóithre a bheidh forfheidhmiú an Gharda Síochána dírithe go príomha.

Cuireadh tús le tionscadal Ceamaraí Sábháilteachta an Gharda Síochána in 2010 agus tá Oibreoir an Cheamara Sábháilteachta ag déanamh monatóireacht ar luas ar fud an chontae le tamall de bhlianta anuas. Is gníomh tábhachtach de chuid Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre an Rialtais 2013-2020 é ceamaraí sábháilteachta soghluaiste a lonnú agus é mar aidhm leis líon na mbásanna ar ár mbóithre a laghdú go 124 faoin mbliain 2020. Tá laghdú suntasach tagtha ar thiomáint róthapa san criosanna ina bhfuil ceamaraí sábháilteachta, le titim ó 17.5% nuair a cuireadh tús leis an tionscadal, go 3.5% sna suirbhéanna is déanaí.

Gach 2 bhliain deineann an Garda Síochána athbhreithniú ar na suíomhanna d'fhonn criosanna nua inar tharla imbhuailtí a bhain le luas a aithint, chomh maith le deireadh a chur le criosanna áirithe inar tháinig laghdú ar luas de bharr ceamaraí sábháilteachta.

Úsáidfear raon trealaimh amhail:

- Gunnaí léasair láimhe agus gunnaí léasair ar thríchosach
- Trealamh braite luais Puma suiteáilte ar fheithicil, (feithiclí marcáilte agus neamh-mharcáilte)
- Radar braite luais uathoibríoch suiteáilte ar veain (á oibriú ag an nGarda Síochána)
- Veaineana Go-Safe (á n-oibriú ag sibhialtaigh)

Tá 45 crios forfheidhmithe luais i gContae Chiarraí:

Contae	Bóithre Náisiúnta	Bóithre Réigiúnacha	Bóithre Áitiúla
Ciarraí	23	18	4

12.0 COSTAS DON TSOCHAÍ

Nuair a bhíonn costais imbhuailtí á dtomhas, déantar idirdhealú idir costais a bhaineann leis na gortuithe agus costais a bhaineann leis an imbhualadh féin.

Seo costais an ngortuithe:

Aschur caillte

Costas don duine (fulaingt agus pian)

Costais leighis

Seo costais na n-imbhuailtí:

Damáiste do mhaoin

Riarachán árachais

Costais phóilíneachta

12.1 COSTAIS IMBHUAILTÍ GOODBODY

De réir Goodbody Economic Consultants, meastar go ngabhann costas breis is €2m i dtéarmaí achtúireacha le himbhualadh bóthair marfach.

12.1.1 Costais ag praghsanna 2009

Costas a ghabhann le duine a bheith marbh	
Marfach	€2,060,099
Gortú Tromchúiseach	€231,473
Mionghortú	€17,850

Costas a ghabhann le himbhualadh

Cineál	Árachas / Riarachán	Damáiste do Mhaoin			Costais don Gharda Síochána		
		Uirbeach	Tuaithe	Mótarbhealach	Uirbeach	Tuaithe	Mótarbhealach
Marfach	€378	€2,885	€4,892	€6,223	€550	€522	€763
Tromchúiseach	€234	€1,093	€1,577	€3,754	€39	€110	€103
Mionghortú	€144	€682	€1,106	€2,010	€18	€18	€18
Damáiste Amháin	€72	€605	€903	€868	€2	€2	€1

Cé go léiríonn an méid thuas na costais ollmhóra a ghabhann le himbhuailtí tráchta bóthair, ní faic é i gcomparáid leis an bpian, an briseadh croí agus an fhulaingt dóibhsean a bhfuil duine muinteartha leo caillte acu i gcúinsí uafásacha. I gcomhréir le Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre an Rialtais 2013-2020 déanfaidh Comhairle Contae Chiarraí a dícheall lían na mbásanna agus na ngortuithe tromchúiseacha ar na bóithre i gCiarraí a laghdú thar thréimhse an Phlean um Shábháilteacht ar Bhóithre Chontae Chiarraí.

12.2 IDIRGHABHÁLACHA TÁBHACHTACHA A THEASTAÍONN LEIS AN DUL CHUN CINN A BHUANÚ

Leagadh síos spriocanna ag an leibhéal náisiúnta d'fhonn líon na mbásanna agus na ngortuithe tromchúiseacha a laghdú a thuilleadh faoin mbliain 2020.

Ba chabhair é na bearta seo a leanas a chur chun feidhme ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil chun na spriocanna úd a bhaint amach:

An tábhacht le criosanna sábhála agus srianta sábháilteachta páistí a úsáid a chur in iúl

An teachtaireacht a neartú mar gheall ar thorthaí:

Tuirse thiomána

Lagú cumais tiománaí amhail tiomáint faoi thionchar alcóil agus drugaí

Seachmall tiománaí, úsáid fóin póca go háirithe

Béim a leagan ar an tábhacht atá le luas an tiománaí nó ghluaisrothaí a bheith oiriúnach don bhóthar agus do na cúinsí

Leanúint de Thiománaithe faoi Oiliúint ag tiomáint gan duine cáilithe ina dteannta a laghdú

Úsáideoirí a chumhachtú chun iompraíocht dhearfach a ghlacadh

Baineann na teachtaireachtaí seo le gach tiománaí ach gabhann tábhacht ar leith leo i gcás tiománaithe óga.
(Foinse: RSA)

13.0 PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA 2016-2020

Táthar ar aon tuairim go hidirnáisiúnta anois maidir leis na Ceithre Réimse ar riachtanais iad chun líon na mbásanna agus na ngortuithe tromchúiseacha ar ár mbóithre a laghdú.

Oideachas: feasacht ar shábháilteacht ar bhóithre a ardú ach an pobal a chur ar an eolas fúithi agus tuiscint ar na dainséir a fhorbairt le súil le dearcadh agus iompraíocht a athrú ag leibhéal an duine aonair, an phobail agus ag leibhéal eagraíochtúil.

Forfheidhmiú: forfheidhmiú sofheicthe agus oiriúnach a bheidh mar dhíspreagadh agus an comhlíonadh le dlíthe tráchta bóthair a mhéadú.

Innealtóireacht: an gréasán bóithre a dhéanamh níos sábháilte go háirithe i leith na n-earráidí ag úsáideoirí bóthair nach féidir a chosc. Innealtóireacht feithicle d'fhonn sábháilteacht daoine i gcarranna agus coisithe/rothaithe a fheabhsú agus dochar dóibh a íoslaghdú.

Measúnú: laghdú inbhuanaithe ar bhásanna agus ar ghortuithe tromchúiseacha ar na bóithre a chinntiú le taighde buan ar éifeachtacht na ngníomhartha a dhéantar.

Tá gach ceann de na páirtithe leasmhara tiomanta do na gníomhartha atá leagtha amach a chur chun feidhme agus é mar chuspóir na spriocanna náisiúnta maidir le líon na mbásanna agus na ngortuithe tromchúiseacha ar na bóithre a laghdú le Plean um Shábháilteacht ar Bhóithre Chontae Chiarraí.

AGUISÍN 1

13.1 OIDEACHAS

Feasacht ar shábháilteacht ar bhóithre a ardú le súil le dearcadh agus iompraíocht a athrú ag leibhéal an duine aonair, an phobail agus ag an leibhéal eagraíochtúil.

Tionscadal	Gníomhaireacht nó Roinn Tosaigh	Gníomhaireacht nó Roinn Taca	Gníomh	Fráma Ama	Sprioc
1.1 Feidhmiú cláir oideachais um shábháilteacht ar bhóithre atá cuimsitheach agus comhtháite a stiúradh:					
1.1.1 Bunscoileanna	CCC	KRSP/FSS/AGS	Clár Rothaíochta Sábháilte Chiarraí a Sheachadadh*	Go bliantúil	Clár Rothaíochta Sábháilte arna sheachadadh go bliantúil do 10 mbunscoil*
	RSA	CCC/AGS	Cainteanna ar shábháilteacht ar bhóithre a thabhairt, cláir um shábháilteacht ar bhóithre amhail 'Be Safe', 'Seatbelt Sheriff', 'Hi Glo Silver' agus 'Safe Cross Code' a chur chun cinn	Go bliantúil	Oiliúint a sheachadadh do 25 bunscoil go bliantúil
	RSA	CCC	Aird a tharraingt ar an gclár 'Streetsmart' do 135 bunscoil sa Chontae agus an clár a sheachadadh nuair a iarrtar é	Go bliantúil	Gach scoil a bheith bainte amach faoi Ráithe 2020
	CCC	RSA	Comórtas 'Féilire Sábháilteachta ar Bhóithre' a chur chun cinn	Go bliantúil	1 Féilire a tháirgeadh go bliantúil

Tionscadal	Gníomhaireacht nó Roinn Tosaigh	Gníomhaireacht nó Roinn Taca	Gníomh	Fráma Ama	Sprioc
	CCC	AGS	Oiliúint agus tacaíocht a chur ar fáil do scéim na Maor Tráchta Sóisearach (daltaí i rang a 6) agus í a chomhordú agus a chur chun cinn	Go bliantúil	1 seisiún oiliúna a sheachadadh go bliantúil i 4 bhunscoil
	CCC		Maoir Tráchta Sinsearacha a sholáthar ag 19 suíomh agus oiliúint bhliantúil a chur ar fáil dóibh	Go bliantúil	1 seisiún oiliúna a sheachadadh go bliantúil
1.1.2 Iar-bhunscoileanna	RSA	AGS	Caint ar shábháilteacht ar bhóithre a sheachadadh, na cláir 'Road Safety Matters', 'Your Road to Safety' agus 'Wrecked' a chur chun cinn.	Go bliantúil	Oiliúint a sheachadadh do 6 iar-bhunscoil go bliantúil
	RSA		Oiliúint inseirbhíse do chláir na sraithe sóisearaí agus na hidirbhliana sna scoileanna a sheachadadh	Go bliantúil	Oiliúint a sheachadadh do 5 iar-bhunscoil go bliantúil
	AGS	CCC /RSA/ FSS/Seirbhís Dóiteáin Chiarraí	Seó Bóthair um Shábháilteacht ar Bhóithre do thiománaithe óga, dírithe ar dhaltaí na sraithe sinsearaí (16-18 mbliana d'aois) a sheachadadh	Go bliantúil	1 taispeántas a sheachadadh go bliantúil
1.1.3 Tríú Leibhéal	RSA	AGS	Cainteanna ar shábháilteacht ar bhóithre do mhic léinn tríú leibhéal i Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí a sheachadadh	Go bliantúil	1 léiriúchán go bliantúil

Tionscadal	Gníomhaireacht nó Roinn Tosaigh	Gníomhaireacht nó Roinn Taca	Gníomh	Fráma Ama	Sprioc
1.2 Grúpaí Pobail Áitiúil	RSA	AGS	Léiriúcháin ar shábháilteacht ar bhóithre a sheachadadh do ghrúpaí pobail, dírithe ar úsáideoirí leochaileacha bóthair	Ar siúl	Léiriúcháin a sheachadadh go bliantúil do 20 grúpa pobail
	CCC		Seachtain Náisiúnta na Rothar a sheoladh a mbeidh tionscnamh 'troitheáil sa pháirc' mar chuid di	Go bliantúil	Tionscnamh 'troitheáil sa pháirc' a chur chun cinn ag 3 suíomh go bliantúil
1.3 Seachtain Sábháilteachta ar Bhóithre	RSA	AGS /CCC	Seachtain Sábháilteachta ar Bhóithre le sraith imeachtaí áitiúla agus náisiúnta a sheoladh	Go bliantúil	1 seachtain sábháilteachta ar bhóithre go bliantúil
1.4 Sábháilteacht ar Bhóithre a chur chun cinn	CCC	RSA /AGS	Na meáin chumarsáide áitiúla a úsáid chun feachtais feasachta poiblí a mhéadú/a chur i bhfeidhm a dhíríonn ar phríomhthosca imbhuailtí, básanna agus gortuithe tromchúiseacha i gcás úsáideoirí uile na mbóithre, go háirithe úsáideoirí leochaileacha	Go bliantúil	3 fheachtas go bliantúil
	RSA	CCC	Feachtais/teachtaireachtaí um shábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn ar shuíomh gréasáin/cuntas twitter Chomhairle Contae Chiarraí d'fhonn spéis a ghiniúint	Ar siúl	Gach feachtas RSA a chur chun cinn go háitiúil

Tionscadal	Gníomhaireacht nó Roinn Tosaigh	Gníomhaireacht nó Roinn Taca	Gníomh	Fráma Ama	Sprioc
	RSA	CCC/AGS	Éadaí sofheicthe a sholáthar saor in aisce do scoileanna/ grúpaí pobail agus úsáideoirí leochaileacha bóthair	Ar siúl	Éadaí sofheicthe a sholáthar láithreach ar a iarraidh
	RSA	CCC	Seó bóthair 'Check it fits' a sheachadadh do thiománaithe le leanaí óga	Go bliantúil	4 thaispeántas a sheachadadh go bliantúil
	RSA	CCC	Feachtas um shábháilteacht ar bhóithre a sheachadadh leis an ionsamhlóir Tointeála & Tar-rollta Idirghníomhaigh um Shábháilteacht ar bhóithre	Go bliantúil	2 fheachtas feasachta go bliantúil

**Faoi réir maoiniú a bheith curtha ar fáil ag an ngníomhaireacht mhaoinithe*

13.2 INNEALTÓIREACHT

An gréasán bóithre a dhéanamh níos sábháilte go háirithe i leith na n-earráidí ag úsáideoirí bóthair nach féidir a chosc.

Tionscadal	Gníomhaireacht nó Roinn Tosaigh	Gníomhaireacht nó Roinn Taca	Gníomh	Fráma Ama	Sprioc
2.1 Gréasán Bóithre Náisiúnta sa Chontae a Uasghrádú	CCC	TII	Clár oibreacha a chur i bhfeidhm chun ailíniú agus dromchla tiomána fochaighdeánach na stráicí den ghréasán bóithre náisiúnta a fheabhsú*	Ar siúl	Clár oibreacha bóthair bliantúil a chur ar fáil faoi Ráithe 1 gach bliain 3km de phábháil bóthair náisiúnta a fheabhsú go bliantúil* 2km de bhóthar náisiúnta a fheabhsú agus a ath-ailíniú go bliantúil *
2.2 Suíomhanna a aithint, agus tús áite a thabhairt d'áiseanna rothaíochta iarfheistithe agus iad a chur i bhfeidhm ar an nGréasán Bóithre Náisiúnta sa Chontae	CCC	TII	I gcomhairle le TII, suíomhanna inarb fhiú áiseanna rothaíochta iarfheistithe a chur an nGréasán Bóithre Náisiúnta a aithint i gcomhréir le NRA TD300 (Caighdeán DMRB). Tús áite a thabhairt do stráicí agus Staidéar agus Plean Feidhmithe um Shainaithint Riachtanas a ullmhú	Ar siúl	Staidéar ar Shainaithint Riachtanas a ullmhú faoi Ráithe 3 2017

Tionscadal	Gníomhaireacht nó Roinn Tosaigh	Gníomhaireacht nó Roinn Taca	Gníomh	Fráma Ama	Sprioc
2.3 Bearta feabhsúcháin sábháilteachta a chur ar fáil ag suíomhanna imbhuailtí a aithníodh ar bhóithre náisiúnta	CCC	TII	Suíomhanna a aithint, bearta feabhsúcháin sábháilteachta ar bhóithre náisiúnta a aithint agus a chur i bhfeidhm	Go bliantúil	Cur isteach go bliantúil ar mhaoiniú ón TII do scéimeanna ag Suíomhanna Líon Mhóir Imbhuailtí dá bhfuil réiteach indéanta innealtóireachta aitheanta. Gach scéim dá bhfuil maoiniú leithdháilte a chur i bhfeidhm
2.4 An Gréasán Bóithre Neamhnáisiúnta Sa Chontae A Uasghrádú	CCC	DTTAS	Bóithre réigiúnacha agus áitiúla a fheabhsú agus a uasghrádú*	Go bliantúil	70km de bhóthar neamhnáisiúnta a fheabhsú go bliantúil*
2.5 Suíomhanna a aithint, tús áite a thabhairt do bhearta sábháilteachta ar chostas íseal agus iad a chur chun feidhme, moilliú tráchta ar bhóithre neamhnáisiúnta san áireamh	CCC	DTTAS	Bunaithe ar mheasúnú ar shonraí imhbhuailtí, tús áite a thabhairt do shuíomhanna ar bhóithre neamhnáisiúnta inar minic a mbíonn imbhuailtí agus iad a thíolacadh lena gcur ar an gClár um Shábháilteacht ar Chostas Íseal agus criosanna 30 km san uair agus criosanna malla a chur i bhfeidhm	Go bliantúil	Bearta le cur i bhfeidhm ag 3 shuíomh go bliantúil*
2.6 Nós imeachta comhpháirteach maidir le imbhuailtí a thuairisciú a choimeád ar bun idir an Garda Síochána, Comhairle Contae Chiarraí agus TI	AGS	CCC/TII	Foirmeacha Imbhuailtí LA16 a chomhlánú agus a chur faoi bhráid TII	De réir mar is gá	Gach foirm le cur faoi bhráid TII laistigh de 1 mhí tar éis an imbhuailte

Tionscadal	Gníomhaireacht nó Roinn Tosaigh	Gníomhaireacht nó Roinn Taca	Gníomh	Fráma Ama	Sprioc
2.7 Teicneolaíocht a úsáid chun cumarsáid le húsáideoirí bóthair a fheabhsú	CCC	TII/DTTAS/ AGS/Meáin Chumarsáide Áitiúla	An pobal a choimeád ar an eolas maidir le hoibreacha bóthair atá beartaithe chomh maith le, dúnadh bóthair, srianta/dúnadh lána, tuilte, cothabháil geimhridh	Ar siúl	Oibreacha ar bhóithre náisiúnta atá beartaithe a logáil ar na meáin shóisialta
2.8 Clár um Imbhuailtí a Chosc a chur chun feidhme (CPP) i Réigiúin an Gharda Síochána	AGS	CCC	Oibríochtaí choistí CPP a neartú agus a leathnú ar fud an chontae. Comhpháirtíocht idir Innealtóirí Ceantair/Innealtóirí Ceantair Bhardasaigh agus baill den Gharda Síochána maidir le criosanna inar minic imbhuailtí a athbhreithniú agus cur go gníomhach le himbhuailtí tráchta bóthair a laghdú ag an leibhéal áitiúil	Ar siúl	2 chruinniú ag an leibhéal aitiúil/réigiúnach go bliantúil
2.9 Iniúchtaí ar Shábháilteacht ar Bhóithre	CCC	TII/DTTAS	Iniúchtaí ar Shábháilteacht ar Bhóithre le bheith déanta ar gach scéim bóthair náisiúnta dár maoiníodh a imríonn tionchar ar leagan amach nó ar bhainistiú an bhóthair	Ar siúl	Iniúchadh ar 100% de na scéimeanna
2.10 Cigireachtaí Sábháilteachta ar Bhóithre ar gach bóthar tar éis imbhualadh tromchúiseach/ marfach	CCC		Cigireacht a dhéanamh ar shuíomhanna ina raibh imbhualadh tromchúiseach/ marfach d'fhonn aon ghá le feabhsúcháin a aithint	Ar siúl	Cigireacht a dhéanamh ar gach suíomh inar tharla imbhualadh tromchúiseach/marfach

Tionscadal	Gníomhaireacht nó Roinn Tosaigh	Gníomhaireacht nó Roinn Taca	Gníomh	Fráma Ama	Sprioc
2.11 Cigireachtaí ar Shábháilteacht ar Bhóithre ar bhóithre náisiúnta dár cuireadh bearta sábháilteachta sealadacha i bhfeidhm le linn na n-oibreacha	CCC	TII	Clárófar na hoibreacha bóthair ar fad dá bhfuil bearta sábháilteachta sealadacha i bhfeidhm le TII agus déanfar cigireacht orthu	Ar siúl	Déanfar cigireacht ar na láithreáin oibre uile ar faide ná 6 mhí an tréimhse oibre
2.12 Athbhreithniú ar Theorainneacha Luais	CCC	TII/DTTAS/ AGS	Na teorainneacha luais atá i bhfeidhm cheana a athbhreithniú	Ar siúl	Athbhreithniú a chríochnú agus Fodhlíthe a ghlacadh faoi Ráithe 4 de 2017
2.13 Bainistiú Tráchta	CCC	AGS	Póilíneacht éifeachtach ar mhórimeachtaí a chinntiú i dtéarmaí sábháilteachta ar bhóithre agus bainistithe tráchta	Ar siúl	Plean um Bainistiú Tráchta a chur isteach le haghaidh gach mórimeachta
2.14 Soilse Gealánacha Scoile	CCC	TII	Soilse gealánacha scoile a choimeád agus cigireacht bhliantúil a dhéanamh orthu	Ar siúl	Fiosrú le bheith déanta ar lochtanna laistigh de 14 lá oibre agus deisiúcháin le bheith déanta laistigh den fhráma ama seo, faoi réir páirteanna a bheith ar fáil chun na soilse gealánacha a dheisiú. Cigireacht a dhéanamh ar na soilse gealánacha scoile go bliantúil Maoiniú d'uasghrádú soilse gealánacha scoile a lorg

Tionscadal	Gníomhaireacht nó Roinn Tosaigh	Gníomhaireacht nó Roinn Taca	Gníomh	Fráma Ama	Sprioc
2.15 Bearradh Fáil	CCC	Úinéirí Talún	Feasacht ar cheanglais reachtúla a chur chun cinn i measc úinéirí talún maidir le fáil/ crainn a bhearradh ionas nach mbeidh siad dainséarach, i gcomhréir leis an mbeartas atá glactha ag an gComhairle	Ar siúl	Litir faisnéise a eisiúint do 6,276 úinéirí talún faoi Ráithe 3 go bliantúil Innealtóirí Ceantair le cigireacht a dhéanamh ar 80 suíomh go bliantúil Oibreacha a dhéanamh laistigh de 3 seachtaine nuair nach gcomhlíonann úinéir talún fógra reachtúil agus na costais a aisghabháil
2.16 Cothabháil Geimhridh	CCC	TII/DTTAS	Monatóireacht a dhéanamh ar na bealaí a aithníodh sa phlean seirbhísí geimhridh agus salann a chur orthu nuair is gá	Go bliantúil	Plean seirbhísí geimhridh a chur i bhfeidhm Plean seirbhísí geimhridh a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Chiarraí go bliantúil
2.17 Baol ag Geataí Scoile	CCC	RSA	Bearta sábháilteachta ag geataí scoile a athbhreithniú d'fhonn bearta sábháilteachta a feabhsú d'úsáideoirí leochaileacha bóthair	Ar siúl	24 suíomh a athbhreithniú go bliantúil
2.18 Ceadúnais Oscailte Bóithre	CCC		A chinntiú go mbíonn gach oscailt bóthair faoi réir ceadúnais chun sábháilteacht úsáideoirí bóthair a chosaint	Ar siúl	Comhlíonadh 100%

**Sonrófar na suíomhanna i bPlean Seachadta Seirbhísí Chomhairle Contae Chiarraí & faoi réir ceadú maoinithe ó TII/DTTAS*

13.3 FORFHEIDHMIÚ

Forfheidhmiú sofheicthe agus oiriúnach a bheidh mar dhíspreagadh agus an comhlíonadh le dlíthe tráchta bóthair a mhéadú.

Tionscadal	Gníomhaireacht nó Roinn Tosaigh	Gníomhaireacht nó Roinn Taca	Gníomh	Fráma Ama	Sprioc
3.1 Láithreacht Shofheicthe	AGS		Forfheidhmiú atá spriocdhírithe ar thrácht bóthair agus ar reachtaíocht iompair sa Rannán a mhéadú	Ar siúl	50 aimsiú sa ráithe
3.2 Seicphointí don Tástáil Alcóil Shainordaitheach (MAT)	AGS		Forfheidhmiú leanúnach na sceideal MAT	Ar siúl	Leibhéal reatha na seicphointí MAT a choimeád
3.3 Seiceálacha ar Fheithiclí Tráchtála	AGS	RSA	Leanúint d'Oibríochtaí Bóthair aonair agus comhpháirteacha leis an RSA. Díriú go sonrach ar Ualach Neamhghnách agus ar sheiceálacha sábháilteachta feithiclí	Ar siúl	4 sheiceáil sa ráithe
3.4 Díriú ar Chionta 'Oibríocht Tarrthálaithe'	AGS		Sprioc - Tiomáint ar Meisce/ Luas/Crios Sábhála/Fón Póca agus Boinn Lochtacha	Ar siúl	Rátaí náisiúnta comhlíonta a bhaint amach do chionta 'Oibríocht Tarrthálaithe'
3.5 Criosanna inar Minic Imbhuailtí	AGS	CCC/TII	Liosta na gcriosanna inar minic imbhuailtí a nuashonrú agus a chur timpeall i measc Bhaill Oibríochtaí an Gharda Síochána	Ar siúl	An liosta curtha timpeall
3.6 Feithiclí Braite Luais	GoSafe		A chinntiú gur i gcriosanna Imbhuailtí Bóthair agus limistéir luais iomarcaigh a lonnaítear feithiclí braite luais GoSafe agus Gatso an Gharda	Ar siúl	GoSafe – i gcomhréir leis an bPlean Náisiúnta

Tionscadal	Gníomhaireacht nó Roinn Tosaigh	Gníomhaireacht nó Roinn Taca	Gníomh	Fráma Ama	Sprioc
3.7 Uathaithint Uimhirphlátaí (UAUP)	AGS		Leanúint d'úsáid agus de lonnú éifeachtach córais bhraite agus fhorfheidhmithe tráchta bóthair UAUP Leanúint de sceideal na seicphointí - teagmháil idir na gníomhaíochtaí reachtúla éagsúla	Ar siúl	Leanúint d'úsáid chóras UAUP ag Aonad Tráchta Rannán Chiarraí
3.8 Feachtais um Shábháilteacht ar Bhóithre	AGS	RSA	Gach deis dá bhfuil ann a thapú chun aird a tharraingt ar chúrsaí sábháilteachta ar bhóithre	Ar siúl	3 cinn in aghaidh na míosa (Spriocanna Náisiúnta)
3.9 Seicphointí Ilghníomhaireachta	AGS	An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta/ Custaim/CCC	Leanúint de sceideal na seicphointí - teagmháil idir na gníomhaireachtaí reachtúla éagsúla	Ar siúl	1 in aghaidh na míosa ar a laghad
3.10 Tiománaithe faoi Oiliúint	AGS	RSA	Leanúint de dhíriú ar Thiománaithe faoi Oiliúint le meascán den oideachas agus den fhorfheidhmiú, go háirithe maidir le riachtanais/oibleagáidí a bhaineann le Ceadúnas Tiomána	Ar siúl	Leibhéal reatha oideachais agus forfheidhmithe a choimeád
3.11 Oll-Sheicphointí	AGS		Oll-Sheicphointí a bhunú chun láithreacht na nGardaí ar na bóithre a mhéadú agus chun tionchar an tseicphointe ar úsáideoirí bóthair a threisiú	Ar siúl	Deirí seachtaine saoire bainc agus oibríochtaí tiomanta
3.12 Oifigeach um Fhorfheidhmiú ar Bhóithre	CCC	AGS	Oifigeach um Fhorfheidhmiú ar Bhóithre a choimeád chun monatóireacht a dhéanamh ar bhóithre agus ar chúrsaí forfheidhmithe	Ar siúl	Gach aon cheist maidir le forfheidhmiú a fhiosrú

13.4 MEASÚNÚ

Laghdú inbhuanaithe ar bhásanna agus gortuithe tromchúiseacha ar na bóithre a chinntiú le taighde buan ar éifeachtacht na ngníomhartha a dhéantar.

Tionscadal	Gníomhaireacht nó Roinn Tosaigh	Gníomhaireacht nó Roinn Taca	Le Críochnú	Sprioc
4.1 Monatóireacht éifeachtach a dhéanamh ar chur chun feidhme Phlean um Shábháilteacht ar Bhóithre Chontae Chiarraí 2016-2020	CCC	RSWTG	Go bliantúil	4 chruinniú go bliantúil
4.2 Monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhartha sábháilteachta ar bhóithre atá sa Phlean seo ag baint úsáid as teimpléad tuairiscithe ráithiúil comhaontaithe thar thréimhse an Phlean le baill RSWTG Tuarascáil bhliantúil a chur amach ina mbeidh sonraí na ngníomhartha a cuireadh i bhfeidhm agus í a dháileadh ar na páirtithe leasmhara ar fad	CCC	RSWTG	Go ráithiúil Go bliantúil	1 tuairisc do gach ráithe de thréimhse an Phlean 1 tuarascáil bhliantúil do gach bliain de thréimhse an Phlean
4.3 Athbhreithniú iar-phlean a dhéanamh ag baill uile an RSWTG	CCC	RSWTG	Ráithe 4 – 2020	1 Tuairisc Iar-Phlean déanta
4.4 Réimsí a aithint nár cuireadh na gníomhartha i bhfeidhm iontu agus tuairisc a thabhairt ina n-aithnítear na cúiseanna nár deineadh. Réitigh nó malairtí eile a chur chun cinn a d'fhéadfaí a chur sa Phlean	CCC	RSWTG	Go bliantúil	1 tuarascáil bhliantúil do gach bliain de thréimhse an Phlean

13.5 ACRAINMNEACHA

AGS	An Garda Síochána
UAUP	Uathaithint Uimhirphlátaí
CPD	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
CPP	Clár Chun Imbhuailtí A Chosc
CSO	An Phríomh-Oifig Staidrimh
DMRB	Lámhleabhar Deartha do Bhóithre & Droichid
DMURS	Lámhleabhar Deartha do Bhóithre & Sráideanna Uirbeacha
DTTAS	An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
HSA	An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
FSS	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
JPC	Comhchoiste Póilíneachta
CCC	Comhairle Contae Chiarraí
KRSP	Páirtíocht Spóirt & Áineasa Chiarraí
MAT	Tástáil Alcóil Shainordaitheach
NTA	An tÚdarás Náisiúnta Iompair
RSA	An tÚdarás um Sábháilteacht ar Bhóithre
RSWTG	Comharghrúpa Oibre um Shábháilteacht ar Bhóithre
TII	Bonneagar Iompair Éireann